Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10597/23**

**POLGEN 62**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Clár Oibre Straitéiseach a thabhairt ar aghaidh<br>Clár 18-mí na Comhairle (an 1 Iúil 2023 go dtí an 31 Nollaig 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, clár 18-mí na Comhairle a d'ullmhaigh Uachtaránachtaí na Spáinne, na Beilge agus na hUngáire a bheidh ann amach anseo agus an tArdionadaí, cathaoirleach na Comhairle Gnóthaí Eachtracha.

***An clár***

## I. **RÉAMHRÁ**

Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht – an Spáinn, an Bheilg agus an Ungáir – le chéile chun teacht ar réitigh choiteanna ar na dúshláin agus ar na cúraimí atá amach romhainn. I bhfianaise an chogaidh fhoghaigh atá á chur ag an Rúis ar an Úcráin, mar aon leis an éiginnteacht dhomhanda atá ag dul i méid, ní mór don Aontas Eorpach a athléimneacht agus a neamhspleáchas straitéiseach a fheabhsú.

Beidh ar an Aontas:

– iomaíochas domhanda an Aontais a threisiú tríd an mbonn tionsclaíoch atá againn a neartú i gcomhréir leis an dá aistriú luathaithe, is é sin an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus trí leas a bhaint as an nuálaíocht;

– a áirithiú gur go cothrom cóir cuimsitheach a dhéanfar an dá aistriú sin trí ghné shóisialta na hEorpa a fheabhsú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar an dúshlán déimeagrafach atá roimh an Aontas;

– comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, comhar iltaobhach agus gach gné den tslándáil a neartú, chomh maith le beartas trádála uaillmhianach cothrom a fhorbairt, agus leasanna an Aontais a chosaint ar bhealach níos teanntásaí ag an am céanna, bunaithe ar ár luachanna, agus cumas an Aontais gníomhú i réimse na slándála agus na cosanta a neartú.

Tá na trí Uachtaránacht tiomanta d’obair na Comhairle a stiúradh ag deireadh an timthrialla institiúidigh reatha chun aistriú rianúil chuig an gcéad timthriall eile a áirithiú. Rannchuideoidh na trí Uachtaránacht freisin leis an machnamh ar conas comhaltaí nua a lánpháirtiú ar bhealach a neartóidh príomhbheartais an Aontais.

Ag cur leis an taithí a fuarthas ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, tá na trí Uachtaránacht ag leanúint leis na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar an idirphlé le saoránaigh an Aontais agus le hinstitiúidí eile an Aontais laistigh dá n-inniúlachtaí.

## II. ÁR MBONN EACNAMAÍOCH A FHORBAIRT: AN TSAMHAIL EORPACH DON TODHCHAÍ

Oibreoidh na trí Uachtaránacht ar mhargadh aonair an Aontais a dhoimhniú, ar bhealach a sheasann le cothrom na Féinne do na Ballstáit uile, agus ar thuilleadh bacainní a bhaint d'fhonn creatdálaí leordhóthanacha le haghaidh geilleagar a bheidh slán i bhfad na haimsire agus iomaíochas fadtéarmach an Aontais mar aon lena fhás inbhuanaithe cuimsitheach a fheabhsú. Déanfaidh siad neamhspleáchas straitéiseach oscailte, athléimneacht eacnamaíoch, ciorclaíocht agus iomaíochas an Aontais maidir leis an mbeartas tionsclaíoch a chur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar ról FBManna i margadh aonair an Aontais agus ar an ualach riaracháin ar chuideachtaí a laghdú.

Beidh sé d'aidhm ag na trí Uachtaránacht an t-athbhreithniú ar rialacha fioscacha an Aontais a thabhairt chun críche d'fhonn inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú san Aontas agus d'fhonn cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus fás maicreacnamaíoch a chur chun cinn agus, ag an am céanna, cumas na mBallstát a choimirciú chun infheistíochtaí inbhuanaithe táirgiúla a mhaoiniú agus athchóirithe struchtúracha a ghlacadh. Breathnóidh siad freisin ar an ngné shóisialta a fhorbairt a thuilleadh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

Oibreoidh na trí Uachtaránacht ar an athbhreithniú meántéarma ar Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 agus, ag an am céanna, áiritheoidh siad go ndéanfar dul chun cinn maidir leis na tograí reachtacha a bhaineann le sraith nua acmhainní dílse, i gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach mhí na Nollag 2020.

Rannchuideoidh na trí Uachtaránacht le comhlánú an Aontais Baincéireachta agus leis an dul chun cinn i dtreo fíor-Aontas Margaí Caipitil.

Leagfar béim ar ghníomhaíochtaí breise chun an comhchóras CBL a nuachóiriú agus a shimpliú trí dhul i muinín na digiteála agus ar obair atá dírithe ar an mbearna CBL a dhúnadh, ar mhaithe leis na buiséid náisiúnta agus le buiséid an Aontais araon.

Déanfaidh na trí Uachtaránacht dul chun cinn i ndáil le creat ECFE maidir le hathchóiriú an chánachais idirnáisiúnta a thrasuí i ndlí an Aontais.

Rannchuideoidh na trí Uachtaránacht leis an athbhreithniú ar Chód Custaim an Aontais chun go seasfaidh sé an aimsir, d'fhonn feidhmíocht níos comhchuibhithe a bhaint amach, comhar le húdaráis faireachais margaidh agus forfheidhmithe dlí a neartú agus leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua chun éifeachtúlacht agus iomaíochas a mhéadú, agus an margadh inmheánach á chosaint ag an am céanna.

Rannchuideoidh na trí Uachtaránacht le próiseas machnaimh maidir le todhchaí an bheartais comhtháthaithe tar éis 2027, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sna Conarthaí, mar spreagadh don chóineasú, don infheistíocht agus don chlaochlú. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis sin éagothromaíochtaí a laghdú agus béim ar leith á leagan ar na limistéir is lú forbairt, limistéir thuaithe, limistéir uirbeacha atá nasctha le limistéir thuaithe, chomh maith le limistéir a bhfuil tionchar ag an aistriú tionsclaíoch orthu, réigiúin a bhfuil dúshláin thromchúiseacha bhuana nádúrtha nó dhéimeagrafacha rompu, agus limistéir fhorimeallacha.

Oibreoidh na trí Uachtaránacht chun cearta agus cosaint tomhaltóirí a neartú, rud a spreagfaidh athruithe ar nósanna tomhaltais i dtreo patrúin atá níos inbhuanaithe don phláinéad. Tabharfaidh siad faoi phróiseas machnaimh maidir lena bhfuil i ndán do chreat earnálach ríomhthráchtála an Aontais lena gcomhlánaítear an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha a glacadh le déanaí.

Tabharfaidh na trí Uachtaránacht tús áite do chomhar taighde agus nuálaíochta an Aontais d’fhonn aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin an Aontais le cabhair ón taighde agus ón nuálaíocht.

Díreoidh na trí Uachtaránacht ar rialáil an spáis, go háirithe ar bhainistiú spástráchta. Forbróidh siad bonneagar spáis freisin agus béim ar leith á leagan ar an gcibearshlándáil agus ar nascacht shlán.

Rachaidh na trí Uachtaránacht ar aghaidh leis an obair ar an gclaochlú digiteach agus cinnteoidh siad ag an am céanna nach bhfágfar aon duine ar lár (an chuimsitheacht dhigiteach) agus go n-áiritheofar iontaofacht na hintleachta saorga agus na dteicneolaíochtaí nua agus go mbainfear úsáid as cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine sa réimse sin. Rachaidh na trí Uachtaránacht ar aghaidh leis an obair maidir le euro digiteach agus rochtain ar shonraí airgeadais, agus déanfaidh siad dul chun cinn maidir le spriocanna 2030 a bhaint amach i leith na Deacáide Digití, lena n-áirítear nascacht ghigighiotáin a chothú agus 5G agus 6G a chur chun feidhme.

Déanfaidh na trí Uachtaránacht foráil maidir le deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a neartú, rud a fhágfaidh go mbeidh an t-oideachas agus an oiliúint – lena n-áirítear oideachas agus oiliúint dhigiteach – cuimsitheach agus inrochtana do chách. Tabharfar aird ar leith ar dheiseanna athscilithe agus uas-scilithe do shaoránaigh na hEorpa chun iad a ullmhú chun déileáil le claochluithe amach anseo sa tsochaí, sa gheilleagar agus i margadh an tsaothair. Leanfaidh siad d’fhorbairt bhreise a dhéanamh ar an oideachas digiteach agus ar an oiliúint dhigiteach.

## III. <u>SAORÁNAIGH AGUS SAOIRSÍ A CHOSAINT</u>

Ag meabhrú di comóradh 30 bliain ó tháinig Conradh Maastricht i bhfeidhm agus ó cruthaíodh saoránacht an Aontais, beidh sé d'aidhm ag na trí Uachtaránacht gnéithe inmheánacha agus seachtracha réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais a neartú, i gcomhréir le luachanna an Aontais agus an urraim do chearta bunúsacha an Aontais.

Is iad na luachanna coiteanna atá mar bhonn taca ag an tsamhail dhaonlathach agus shochaíoch atá againn bunsraith na saoirse Eorpaí, na slándála Eorpaí agus an rathúnais Eorpaigh. Leis an smacht reachta, arb é bun agus barr ár ndaonlathas uile é, ráthaítear go bhfuil na luachanna sin cosanta go maith; ní mór do na Ballstáit uile agus don Aontas é a urramú go hiomlán.

Ag meabhrú di gur dúshlán Eorpach í an imirce lena n-éilítear freagairt Eorpach, athdhearbhaíonn na trí Uachtaránacht go bhfuil rún daingean aici leanúint den obair ar an athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, agus gach iarracht a dhéanamh chun a áirithiú go nglacfar iad. Tacóidh siad freisin leis na hiarrachtaí chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir freagracht agus dlúthpháirtíocht agus chun dlús a chur le gníomhaíochtaí maidir le gné sheachtrach na himirce, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí imirce cuimsitheacha agus comhthairbheacha a chothú le príomhthíortha tionscnaimh agus idirthurais.

Rannchuideoidh na trí Uachtaránacht le feidhmiú cuí agus athléimneacht limistéar Schengen a fheabhsú agus díreoidh siad ar na teorainneacha seachtracha a neartú.

Déanfaidh siad iarrachtaí chun feabhas a chur ar an gcomhrac éifeachtach i gcoinne na coireachta eagraithe tromchúisí trasteorann, na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh, lena n-áirítear smuigleáil daoine, smuigleáil arm, gáinneáil ar dhaoine, cistiú chun críoch antoisceach agus cosc na sceimhlitheoireachta, agus cabhair d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta.

Measann na trí Uachtaránacht gur cheart díriú go speisialta ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí, foréigean in aghaidh na mban agus foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, chomh maith le fuathchaint agus coireanna fuatha, ciníochas, frithsheimíteachas, seineafóibe agus cineálacha eile éadulaingthe.

Tabharfaidh na trí Uachtaránacht tús áite don chomhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála agus in ábhair choiriúla. Tosaíocht chothrománach a bheidh i ndigiteáil an cheartais, d'fhonn rochtain ar cheartas a éascú agus éifeachtúlacht agus athléimneacht fhoriomlán na gcóras ceartais a fheabhsú.

Leanfaidh na trí Uachtaránacht den obair chun struchtúir bainistithe géarchéime an Aontais a chuíchóiriú a thuilleadh.

Cuirfidh na trí Uachtaránacht straitéis chibearshlándála an Aontais chun feidhme agus féachfaidh siad le neamhspleáchas straitéiseach níos fearr a bhaint amach i dteicneolaíochtaí digiteacha.

## IV. EORAIP ATÁ AERÁIDNEODRACH, GLAS, COTHROM AGUS SÓISIALTA A THÓGÁIL

Féachfaidh na trí Uachtaránacht leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55' a chur chun feidhme ar bhealach pras, cothrom agus cóir ó thaobh na sochaí de agus leanfaidh siad de bheith ag obair ar na comhaid reachtacha atá fós gan réiteach. I gcomhthéacs na caibidlíochta idirnáisiúnta, leanfaidh siad d'iarrachtaí a dhéanamh chun toradh uaillmhianach a bhaint amach do Chomhdhálacha na bPáirtithe de chuid UNFCCC agus chun dreasachtaí a chur ar fáil do na páirtithe chun a n-uaillmhian maidir leis an aeráid a neartú. Beidh sé d'aidhm ag na trí Uachtaránacht tacú le tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe agus dlús a chur leis an aistriú i dtreo geilleagar éifeachtach, cuimsitheach, ciorclach agus glas tríd an bplean gníomhaíochta a chur chun feidhme agus trí thacú leis na tionscnaimh sa réimse sin. Tacóidh siad le bearta chun an bhithéagsúlacht a chosaint laistigh den Aontas (chun an dúlra a athbhunú agus a chosaint, agus chun truailliú an aeir, an uisce agus na hithreach a dhíothú trí athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta atá ann cheana) agus go hidirnáisiúnta (lena n-áirítear trí thacú le hobair na gcomhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann leis an mbithéagsúlacht). Déanfaidh na trí Uachtaránacht iarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh ceimiceáin sábháilte agus inbhuanaithe do shaoránaigh agus don chomhshaol.

Oibreoidh na trí Uachtaránacht chun bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a fheabhsú a thuilleadh agus déanfaidh siad dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme an leagain nua de straitéis foraoise an Aontais do 2030.

Tabharfaidh na trí Uachtaránacht aird ar leith ar bhainistiú dramhaíola.

Tacóidh na trí Uachtaránacht leis an obair ar chreat reachtach do chórais bhia inbhuanaithe agus ar na tionscnaimh lipéadaithe éagsúla chun beartas bia neamhspleách Eorpach a bhaint amach. I ndáil leis an méid sin, tabharfar na trí Uachtaránacht aird ar leith ar inbhuanaitheacht na talmhaíochta, an iascaigh agus an dobharshaothraithe, ar an nuálaíocht agus an digiteáil sna hearnálacha sin, agus ar leas ainmhithe agus, ag an am céanna, déanfar sábháilteacht bia agus slándáil bia na hEorpa a chosaint agus athléimneacht chóras bia na hEorpa a neartú.

Déanfaidh na trí Uachtaránacht dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) athchóirithe agus ar dhearadh CBT nua tar éis -2027. Maidir le hiascaigh, tabharfaidh siad aird ar leith ar ghné sheachtrach an Chomhbheartais Iascaigh (CBI).

Leanfaidh na trí Uachtaránacht d’iarrachtaí i dtreo aistriú chuig fuinneamh glan agus béim ar leith á leagan ar bhonneagair fuinnimh trasteorann a éascú agus a fhorbairt, chun dul i ngleic le scrogaill. Féachfaidh siad le soláthar fuinnimh slán, inbhuanaithe agus inacmhainne a áirithiú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí agus oibreoidh siad ar an athbhreithniú ar dhearadh mhargadh leictreachais an Aontais.

Beidh sé ina thosaíocht ag na trí Uachtaránacht an t-iompar a ghlasú agus forbairt modhanna iompair inbhuanaithe a mholadh. Tógfaidh siad an obair ar thionscnaimh reachtacha ar aghaidh, ag díriú go háirithe ar shoghluaisteacht níos cliste a chur chun cinn, ar chearta paisinéirí a fheabhsú agus ar shlándáil a áirithiú.

Leanfaidh na trí Uachtaránacht d’iarrachtaí chun plean gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus plean gníomhaíochta an Choimisiúin don gheilleagar sóisialta a chur chun feidhme go héifeachtach. Tabharfaidh siad aird ar leith ar bhealaí a fhiosrú chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán déimeagrafach atá os comhair an Aontais. Díreoidh na trí Uachtaránacht ar shoghluaisteacht chothrom an lucht saothair san Aontas a neartú, ar rochtain ar chosaint shóisialta agus ar chosaint oibrithe, agus ar shláinte agus sábháilteacht, cuimsitheacht agus neamh-idirdhealú ag an obair a áirithiú. Tabharfaidh na trí Uachtaránacht aird ar leith ar strus agus ar chloíteacht ag an obair, i gcomhréir leis an tionscnamh nua ón gCoimisiún maidir leis an meabhairshláinte. Cuirfidh siad an comhtháthú sóisialta chun cinn, go háirithe trí lánpháirtiú na gcatagóirí sin is leochailí nó atá i mbaol eisiaimh a éascú. Ina theannta sin, déanfaidh na trí Uachtaránacht plé ar an tionscnamh ón gCoimisiún maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach.

Oibreoidh na trí Uachtaránacht chun Aontas Sláinte an Aontais agus athléimneacht córas sláinte atá inrochtana do chách a neartú a thuilleadh, ullmhacht a fhorbairt le haghaidh éigeandálaí sláinte amach anseo agus an tsláinte agus stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn. Leanfaidh na trí Uachtaránacht den obair ar fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach agus ar inrochtaineacht cógas leighis a chomhlíonann ár riachtanais sláinte poiblí. Féachfaidh siad freisin le feabhas a chur ar chosc a chur le rioscaí sláinte trí chur chuige ‘aon sláinte amháin’. Oibreoidh na trí Uachtaránacht chun tacú le straitéisí sláinte Eorpacha, *inter alia*, maidir le meabhairshláinte, galar cardashoithíoch agus galair neamhchoitianta, chomh maith leis an tionscnamh sláinte domhanda.

Léireoidh na trí Uachtaránacht go bhfuil siad tiomanta borradh a chur faoi earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta san Eoraip trí éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn, a claochlú digiteach agus a claochlú glas a spreagadh agus trí rochtain ar chultúr a fheabhsú. Tabharfaidh siad faoin bplean oibre Eorpach don chultúr a chur chun feidhme. Cuirfidh na trí Uachtaránacht ardmhianta na ndaoine óga i gcroílár bheartais na hEorpa, agus béim ar leith á cur orthu siúd ar lú na deiseanna atá acu. Déanfaidh siad measúnú ar an bplean oibre Eorpach reatha don spórt agus glacfaidh siad an plean a thiocfaidh ina ionad, ag díriú ar an spórt a chur chun cinn, lena n-áirítear spórt neamheagraithe.

I gcomhréir le Clár Oibre Turasóireachta Eorpach 2030, díreoidh na trí Uachtaránacht ar athléimneacht, inbhuanaitheacht, ciorclaíocht agus rialachas sonraíbhunaithe éiceachóras na turasóireachta.

## V. LEASANNA AGUS LUACHANNA NA HEORPA A CHUR CHUN CINN OS COMHAIR AN DOMHAIN MHÓIR

Meabhraíonn na trí Uachtaránacht dóibh gur athdhearbhaigh an tAontas Eorpach a thacaíocht pholaitiúil, eacnamaíoch, airgeadais, mhíleata agus dhaonnúil don Úcráin atá buanseasmhach agus leanúnach, agus a ceart bunúsach féinchosanta á fheidhmiú aici i gcoinne ionsaí neamhdhleathach na Rúise, a fhad agus is gá, agus leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile á gcur san áireamh. Tá na trí Uachtaránacht tiomanta cabhrú leis an gcuid eile den domhan déileáil le hiarmhairtí chogadh na Rúise agus rannchuidiú le comhordú na tacaíochta airgeadais fadtéarmaí chun an Úcráin a atógáil, agus tabharfaidh siad aird ar leith ar an gcuntasacht, ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe domhanda.

Tabharfaidh na trí Uachtaránacht próiseas méadaithe an Aontais ar aghaidh i gcomhréir leis an modheolaíocht nua, bunaithe ar thuairisciú an Choimisiúin agus ag leanúint cur chuige fiúntasbhunaithe, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar chumas an Aontais baill nua a ionsú. Díreofar go sonrach ar idirphlé polaitiúil rialta le tíortha is iarrthóirí a fhorbairt a thuilleadh agus ar iad a chumhachtú chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le critéir Chóbanhávan a chomhlíonadh.

Tabharfar aird ar leith i gcónaí ar chomharsanacht dhíreach an Aontais. Tacóidh na trí Uachtaránacht leis an Aontas agus lena chomhpháirtithe dul i ngleic leis an iliomad dúshlán atá rompu agus, i gcás inarb ábhartha, lena gcláir oibre um athchóiriú a chur chun feidhme. Oibreoidh na trí Uachtaránacht chun leas iomlán a bhaint as creat nua an Aontais leis an Ríocht Aontaithe, chomh maith le comhpháirtíochtaí leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus leis an Eilvéis, agus chun na comhpháirtíochtaí le Comhpháirtíocht an Oirthir, le Comharsanacht an Deiscirt, agus leis na Balcáin Thiar a neartú, lena n-áirítear ar leibhéal na gceannairí sa dara leath de 2023 agus sa dara leath de 2024; faoi seach, tá sé mar aidhm ag na trí Uachtaránacht caidreamh comhoibritheach agus comhthairbheach a bhaint amach leis an Tuirc, agus sin bunaithe ar an gcreat a chinn an Chomhairle Eorpach.

Cabhróidh na trí Uachtaránacht le cruth a chur ar an gComhphobal Polaitiúil Eorpach mar fhóram le haghaidh idirphlé polaitiúil ardleibhéil ar fud na mór-roinne idir Ballstáit an Aontais agus na comharsana is gaire dóibh maidir le cobhsaíocht agus slándáil na hEorpa, slándáil fuinnimh agus athléimneacht.

Déanfaidh na trí Uachtaránacht seasamh teanntásach ón Aontas a chur chun cinn maidir le Cairt na Náisiún Aontaithe, an dlí idirnáisiúnta, cearta an duine do chách a urramú agus a chosaint agus a chomhlíonadh, urraim do chearta saothair, agus luachanna daonlathacha i bhfóraim iltaobhacha. Cothóidh na trí Uachtaránacht cur chuige 'Foireann na hEorpa' maidir leis na príomhthéamaí domhanda agus comhordú maidir le for-rochtain agus infheictheacht, agus féachfaidh siad le comhpháirtíochtaí nua a thógáil chun ár gcuspóirí a bhaint amach. Oibreoidh siad i dtreo straitéis na Tairsí Domhanda a chur chun feidhme trí leas iomlán a bhaint as na gníomhaithe ábhartha uile, go háirithe earnáil phríobháideach agus tionsclaíocht na hEorpa.

Tógfaidh na trí Uachtaránacht obair ar aghaidh maidir le clár oibre uaillmhianach cothrom don trádáil dhéthaobhach a bheidh oscailte, inbhuanaithe agus teanntásach, lena n-áirítear le linn comhaontuithe trádála a chur chun feidhme, d'fhonn borradh a chur faoin bhfás agus d'fhonn cur le rathúnas shaoránaigh agus chuideachtaí an Aontais, agus béim ar leith á leagan ar FBManna. Ina theannta sin, ní mór don Aontas oibriú go seasta chun an córas iltaobhach trádála riailbhunaithe a athbhunú trí athchóiriú ar fheidhmiú agus ar éifeachtacht EDT a chur chun cinn. Leanfaidh na trí Uachtaránacht den obair ar ionstraimí cosanta trádála agus cuirfidh siad chun feidhme iad.

Maidir le Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, déanfaidh na trí Uachtaránacht obair leantach ar an gcruinniú mullaigh idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh, a thionólfar i mí Iúil 2023, agus oibreoidh siad chun na gealltanais arna dtabhairt ag an gcruinniú mullaigh a bhaint amach go héifeachtach.

Tacóidh na trí Uachtaránacht le comhpháirtíocht straitéiseach a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh agus le caidreamh dearfach leis na Stáit Aontaithe, lena n-áirítear faoi chreat AE-ECAT. Ní mór do Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta atá dírithe ar thorthaí a bheith fite fuaite le réiteach a fháil ar nithe a chuireann isteach ar ár gcuid trádála, agus le bheith ag obair ar chothrom na Féinne a áirithiú ar fud an domhain. Tacóidh na trí Uachtaránacht leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach le Ceanada, agus iad ag obair i dtreo Cruinniú Mullaigh rathúil idir an tAontas agus an tír sin.

Áiritheoidh na trí Uachtaránacht freisin go ndéanfar obair leantach ar an gcruinniú mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach i mí Feabhra 2022, agus oibreoidh siad chun na gealltanais a tugadh a chomhlíonadh go héifeachtach.

Cuirfidh na trí Uachtaránacht idirphlé, comhar, for-rochtain agus infheictheacht chun cinn i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, ag tógáil ar Straitéis Ind-Chiúin-Aigéanach an Aontais. Maidir leis an gcaidreamh leis an tSín, tá siad tiomanta do chur chun feidhme an chur chuige ilghnéithigh a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach. Féachfar ar an gcomhar idir an tAontas agus an Áise Láir a neartú, ag tógáil ar straitéis an Aontais don Áise Láir in 2019.

Ós rud é go bhfuil timpeallacht slándála na hEorpa ag athrú go mear agus ag dul in olcas, tá na trí Uachtaránacht tiomanta cumas an Aontais gníomhú i réimse na slándála agus na cosanta a neartú trí chur chun feidhme tráthúil Chompás Straitéiseach an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí déthaobhacha a fhorbairt le tíortha a bhfuil dáimh againn leo, agus tríd an gcomhar idir an tAontas agus ECAT a dhoimhniú go héifeachtach i gcomhréir leis an tríú dearbhú comhpháirteach a síníodh i mí Eanáir 2023. Tabharfaidh na trí Uachtaránacht aird ar leith freisin ar shainmhíniú thosaíochtaí na comhpháirtíochta straitéisí idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime i ndiaidh 2024, agus ar chur chun feidhme na gclár oibre domhanda.

Díreoidh na trí Uachtaránacht freisin ar phróiseas athbhreithnithe straitéisigh an Bhuanchomhair Struchtúrtha (PESCO), ar an athbhreithniú meántéarma ar an gCiste Eorpach Cosanta (EDF), agus ar an athbhreithniú ar an gCinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid Eorpach Síochána (EPF), a bhfuil sé ríthábhachtach a raon feidhme domhanda agus a leibhéal uaillmhéine a choinneáil, chomh maith leis an machnamh ar an gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) a fhorbairt amach anseo. Oibreoidh siad freisin ar bhearnaí cumais a dhúnadh agus ar bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta na hEorpa a neartú chun slándáil rianúil soláthair na gcumas míleata a áirithiú, lena n-áirítear trí sholáthar comhpháirteach cosanta agus rialacháin ghaolmhara. Cuirfidh siad chun cinn freisin cur chun feidhme Straitéis Spáis an Aontais um Shlándáil agus Cosaint, atá le formhuiniú ag an gComhairle le linn an dara seimeastar de 2023, agus cur chun feidhme an leagain athbhreithnithe de Straitéis Slándála Muirí an Aontais agus a Plean Gníomhaíochta. Oibreoidh na trí Uachtaránacht le chéile chun feabhas a chur ar ár n-athléimneacht agus ar ár gcumas bagairtí hibrideacha agus cibirionsaithe a chomhrac, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as cibearthaidhleoireacht an Aontais agus as boscaí uirlisí hibrideacha.

## VI. RANNCHUIDIÚ LE HULLMHÚ AN CHÉAD CHLÁIR OIBRE STRAITÉISIGH EILE

Is é uaillmhian chomhroinnte na dtrí Uachtaránacht rannchuidiú le hullmhú, glacadh agus cur chun feidhme an Chláir Oibre Straitéisigh don tréimhse 2024-2029. Sa phróiseas sin, foghlaimeoimid ceachtanna ó na dúshláin mhóra atá romhainn le linn an timthrialla reachtaigh atá ann faoi láthair, mar shampla, tionchar phaindéim COVID-19 agus ionsaí na Rúise ar an Úcráin, agus breathnóimid ar an gcaoi ar féidir linn bunchloch an Aontais Eorpaigh a neartú agus, ar an gcaoi sin, deimhin a dhéanamh de go leanfaidh lánpháirtiú na hEorpa de shíocháin, cobhsaíocht agus leas a ráthú dá Bhallstáit agus dá saoránaigh, mar atá déanta aige le breis agus 70 bliain anuas.